into
Irish National Teachers' Organisation
Cumann Múinteoirí Éireann

Do Leanbh sa BHUNSCOIL

Nodanna do Thuismitheoirí

Réamhrá

A Thuismitheoir, a chara,

Tá do leanbh ar tí tosú ar an scoil. Smaoinigh air! Cairde nua, áit nua, fuaimeanna nua, rialacha nua, níos mó daoine; domhan nua eile atá ann. Sin an chéad lá ar scoil. Beidh gach uile lá ina dhiaidh sin mar chuid den domhan nua sin, ag aibiú, ag foghlaim agus ag fás.

Tá súil againn go dtabharfaidh an foilseachán seo tuiscint duit ar bhunscoil an lae inniu agus conas a oibríonn sí. Creideann bunmhúinteoirí gurb é an chéad chéim a bhaineann le comhpháirtíocht a thógáil idir tuismitheoirí agus múinteoirí ná sonraí obair laethúil na bunscoile a roinnt. Ar fud na tíre oibríonn múinteoirí go dlúth le tui-smitheoirí agus aithníonn siad an tábhacht a bhaineann le tuismitheoirí a choinneáil go hiomlán páirteach agus ar an eolas faoin mbunscoil. Seo sampla praiticiúil den chomhpháirtíocht idir an scoil agus an baile.

Tá súil againn go mbeidh an leabhrán seo úsáideach duit.

John Boyle.

Seán Ó Baoill
Rúnaí Ginearálta
Cumann Múinteoirí Éireann

Irish National Teachers' Organisation
35 Parnell Square
Dublin 1
D01 ET35

Web: www.into.ie
Email: info@into.ie
Tel: (01) 804 7700

Cumann Múinteoirí Éireann
35 Cearnóg Parnell
Baile Átha Cliath 1
D01 ET35

Gréasán: www.into.ie
Ríomhphost: info@into.ie
Guthán: (01) 804 7700

Nuashonraithe agus athfhoilsithe Lúnasa 2022

Téigh ar ais go Clár ábhar

Clár na n-ábhar

Ón mbaile go dtí an scoil	1
Cabhraigh le do leanbh a ullmhú don fhoghlaim	2
Ullmhú don scoil	13
An saol a dhéanamh soláimhsithe don naíonán beag	15
An curaclam	16
Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu	18
An chéad lá	19
An lá scoile	21
Scoilbhliain 2022/23	22
Freastal scoile	23
Cabhair le héidí scoile agus leabhair	24
Ithe go sláintiúil	25
Sláinte agus sláinteachas	31
An bhulaíocht	34
Idirchultúrachas	38
Obair bhaile	40
Cumarsáid idir an scoil agus an baile	42
An bord bainistíochta	43
Má tá tú tagtha go hÉirinn le déanaí	44

Téigh ar ais go Clár ábhar

Ón mbaile go dtí an scoil

Ón mbreith ar aghaidh bíonn leanaí ag foghlaim go nádúrtha agus go neamhfhoirmiúil óna dtuismitheoirí agus ón saol timpeall orthu. Ar scoil tosóidh leanaí ag léamh agus ag scríobh ar a luas féin. Díreach mar a l shiúlann siad agus a labhraíonn siad ag aoiseanna éagsúla – léann siad agus scríobhann siad freisin nuair atá siad réidh.

Ní gá do leanaí bheith in ann léamh nó scríobh sula dtaga siad chun na scoile. Tá sé i bhfad níos tábhachtaí go mbeidh siad ag dúil le tosú ar an scoil.

Tosaíonn leanaí ar an mbunscoil de ghnáth idir ceithre agus cúi bliana d'aois. Tá gach leanbh i dteideal bunscolaíocht agus i ar-bhunscolaíocht a fháil saor in aisce.

Sa bhunscoil, nó an scoil náisiúnta, tá de ghnáth naíonáin shóisearacha agus naíonáin shinsearacha, agus ansin rang a haon go dtí rang a sé. Is iomaí sin cineál bunscoile ann agus is féidir le tuismitheoirí an scoil is fearr a oireann dá leanbhsan a roghnú.

Ba chóir duit a sheiceáil an bhfuil spásanna ar fáil – ach bí réidh le gurbh fhéidir go bhfuil liosta feithimh ann nó nach bhfuil spás ann do do leabhsa. Féach ar scoileanna eile timpeall do cheantair agus déan teagmháil leo le teacht ar áit.

Resources

- National Council for Curriculum and Assessment
  www.ncca.ie/en/primary
- Department of Education
  www.bit.ly/3rGg12M
- Citizens Information
  www.citizensinformation.ie

Cabhraigh le do leanbh a ullmhú don fhoghlaim

- Dearcadh dearfach – Tá sé tábhachtach dearcadh dearfach a chruthú i leith na foghlama. Má tá seo ag leanaí beidh siad ag iarraidh bheith rannpháirteach sa phróiseas foghlama.
- Fiosracht – Tá fiosracht nádúrtha leanaí lárnach don fhoghlaim. Spreagtar leanaí níos mó ceisteanna a chur nuair a fhaigheann siad freagraí dearfacha.
- Féinmhuinín – Má tá leanaí muiníneach faoina gcumais beidh siad níos toilteanaí tabhairt faoi dhúshláin nua.
- Éisteacht – Is cóir leanaí a spreagadh dea-scileanna éisteachta a fhorbairt. Is cuid mhór de shaol na scoile iad treoracha, mar sin caithfidh leanaí bheith maith ag éisteacht.
- Idirghníomhú le daoine eile –Caithfidh leanaí scileanna nua a fhoghlaim, mar shampla conas comhroinnt agus sealanna a ghlacadh. Caithfidh siad foghlaim meas a léiriú do dhaoine eile agus bheith eolach ar mhothúcháin daoine eile.
- Neamhspleáchas – Chun páirt a ghlacadh i saol na scoile caithfidh leibhéal maith neamhspleáchais a bheith ag leanaí.

Téigh ar ais go Clár ábhar

Cuideoidh a leanas leat cumas do linbh a fhorbairt scileanna nua a bhainistiú:

Súgradh

Foghlaimíonn leanaí trí shúgradh agus is cóir a lán deiseanna a thabhairt dóibh:

- Róil a imirt – ag ligean orthu gur daoine eile iad. Is breá le leanaí ligean orthu gur altraí, dochtúirí, máithreacha, aithreacha nó lucht siopa iad. Cuidíonn seo leo teanga a úsáid.
- Súgradh le rudaí – gaineamh, uisce, míreanna mearaí, boscaí agus brící agus bréagáin eile.
- Bheith páirteach in imirt fhisiciúil – cluichí liathróide, scipeáil, cluichí reatha.

Roghnaigh bréagáin go cúramach. Ba cheart brící a bheith ag leanaí lena dtógáil, míreanna mearaí nó bréagáin tógála bhunúsacha. Spreag iad le rudaí a thógáil agus rudaí fánacha a úsáid, mar shampla plátaí páipéir, seanphaicéid, cartáin nó boscaí uibhe.

Teanga

Ní féidir barraíocht béime a chur ar thábhacht na teanga san oideachas. Tá teanga ríthábhachtach chun léamh agus scríobh a fhorbairt, agus cuid ríthábhachtach d'fhorbairt mhothúchánach leanaí. Agus tú ag forbairt scileanna teanga do linbh, spreag do leanbh lena leanas a dhéanamh:

- Éist
- Mínigh
- Inis
- Labhair
- Ceistigh
- Athinis

Éist le leanaí agus spreag iad le labhairt. Tabhair am dóibh míniú a thabhairt nó cur síos ar eachtraí duit. Ná cuir isteach sa chaint, fiú má tá a fhios agat céard atá siad ag dul a rá. Nuair atá tú ag labhairt le do leanbh, ná gearr siar focail. Ná húsáid caint leanbaí.

I measc gníomhaíochtaí a d'fhéadfadh cuidiú le forbairt teanga tá:

- Spreag do leanbh le rudaí atá i seomra nó in áit atá de mhéid, de chruth nó de thathag áirithe:
  - Cén cruth atá ar an leabhar ar an tseilf?
  - Conas a mhothaíonn an brat urláir?
- Iarr ar do leanbh cur síos ar eachtra áirithe a tharla, mar shampla as:
  - Céard a chonaic tú ag an zú inniu?
  - Céard a tharla ag an bhfiaclóir inniu?

- Iarr ar do leanbh rudaí a chur i gcatagóirí:
  Ainmnigh an bia go léir ar an tábla;
  Ainmnigh na glasraí go léir sa chuisneoir;
  Ainmnigh gach rud sa chuisneoir nach glasraí iad.
- Cuidigh le do leanbh teanga a úsáid chun réasúnaíocht a dhéanamh i ndálaí éagsúla:
  Cén fáth a gcaitheann tú cóta san aimsir fhuar?
  Cén fáth an gá duit uachtar gréine a chur ort nuair a bhíonn an aimsir?
- Cuidigh le do leanbh teanga a úsáid chun cur síos ar eachtraí san am atá thart, san am i láthair agus amach anseo:
  Céard a dhéanfaidh tú nuair a rachaidh tú go dtí an clós súgartha?
  Céard a tharlaíonn nuair a théimid go dtí an t-ollmhargadh?
- Spreag do leanbh chun a chuid mothúchán a chur in iúl:
  Conas a mhothaigh tú nuair a fuair do mhadra bás?
- Teanga a úsáid le freagairt ar dhálaí éagsúla:
  Céard a dhéanfá dá dtabharfadh mamó a lán airgid duit?

Cabhraigh le leanaí an teanga a úsáid chun fadhbanna a réiteach, treoracha a thabhairt, insint duit faoi rudaí a tharla dóibh le linn an lae.

- Is bealach maith é an véarsaíocht agus tomhais a chur chun forbairt teanga a spreagadh.
- Is cabhair don fhorbairt teanga é an léitheoireacht le do leanbh.

Is minic gur teanga agus ábhar nua í an Ghaeilge do leanaí agus iad ag tosú amach ar an scoil. Ó am go ham, bain úsáid as focail nó abairtí gearra i nGaeilge chun blaiseadh den Ghaeilge a thabhairt do leanaí. Cabhróidh sé seo leo teangacha eile a láimhseáil. Beidh cur amach ar nathanna cainte amhail 'más é do thoil é', 'go raibh maith agat', agus 'maith an cailín/buachaill', nó 'maith thú' ina chabhair dó nó di leis an scoil.

Cabhraigh le do leanbh dathanna a aithint. D'fhéadfadh sé seo a bheith an-éasca a úsáid sa Ghaeilge mar gheall nach bhfuil i gceist ach focail aonair, amhail 'dearg', 'buí' nó 'bán'.

Teastaíonn mórán cleachtaidh agus athrá i gcás leanaí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise acu. Spreag iad le féachaint ar chláir do leanaí ar an teilifís, rainn pháistí a fhoghlaim, Béarla a úsáid agus iad ag spraoi le cairde, agus lipéid a chur ar earraí timpeall an tí (cuisneoir, cupán, pláta, mar shampla).

Foghlaimíonn leanaí a gcéad teanga sa bhaile, agus tá sé tábhachtach go bhforbródh leanaí a scileanna teanga ina máthairtheanga sa bhaile. Léirítear sa taighde nach bhfuil sé neamhghnách do dhaltaí nach é an Béarla a máthairtheanga dul trí 'thréimhse chiúnais' nuair a thosaíonn siad ar an scoil. D'fhéadfadh sé go dtarlaíonn sé seo mar gheall go dtugann an leanbh faoi deara go bhfuil sé nó sí timpeallaithe ag teanga éagsúil, ag timpeallacht éagsúil agus ag daoine éagsúla. Mar gheall go bhfuil scileanna teanga inaistrithe, foghlaimeoidh agus sealbhóidh leanaí a dteanga nua de réir a chéile sa scoil.

Féadfaidh sé go bhfuil múinteoir tacaíochta teanga ar fáil. Ba chóir é seo a sheiceáil le scoil do linbh.

Léamh

Léigh le do leanbh go rialta. Spreagann seo grá do leabhair agus cruthaíonn sé spéis sa léitheoireacht, ag déanamh eispéireas foghlama fad saoil de. Cinntigh gur eispéireas sultmhar é an léitheoireacht. Ná lean ar aghaidh leis an léitheoireacht nuair atá spéis caillte ag do leanbh ann – sealanna gairide sultmhara léitheoireachta is fearr.

Arís, d'fhéadfadh sé bheith úsáideach léamh do leanaí i nGaeilge nó i mBéarla chun é a dhéanamh níos fusa dóibh nuair a thosóidh siad ar an dara teanga ar bhonn níos foirmiúla. (Cuimhnigh agus é a choinneáil simplí!)

Tabhair aire ar an gcaoí le léamh, rudaí ar nós an leabhar a choinneáil i do lámh agus na leathanaigh a thiontú.

Lig do do mhéar dul faoi na focail agus tú ag léamh ó chlé go deas.

Sna pictiúir is mó a bheidh spéis do linbh, mar sin lig dóibh iad a scrúdú agus labhairt fúthu.

Spreag iad chun eachtraí an scéil a aithris agus labhairt faoin bpíosa is mó a thaitin leo. Imir cluiche bunaithe ar 'Céard a shíleann tú a tharlódh dá...?' nó 'Céard a dhéanfá dá mbeifeá...?'

Má tá an Béarla ina theanga bhreise ag do leanbh tá sé tábhachtach go roghnóidh tú ábhar léitheoireachta oiriúnach. Lorg comhairle ó do scoil.

Scríobh

Caithfidh leanaí óga na meatáin chearta ina lámha a fhorbairt sular féidir leo tosú ag scríobh mar is ceart. Is féidir leat cabhrú leis an bhforbairt seo trí spreagadh dóibh rudaí a dhéanamh lena mbaineann a lámha a úsáid, ar nós pictiúir a tharraingt, páipéar a ghearradh nó marla a úsáid.

Is féidir leat rudaí mar a leanas a thabhairt dóibh:

- Bileoga móra páipéir agus criáin thiubha chun scriobláil, tarraingt, dathú, rianú nó cóipeáil;
- Siosúir chun páipéar a ghearradh (bí cinnte gur siosúir atá sábháilte do leanaí iad);
- Gníomhaíochtaí lena mbaineann doirteadh, corraí, meascadh nó rolladh (marla);
- Babóga nó béiríní a bhfuil éadaigh orthu is féidir a cheangal le cnaipí, le hiallacha, le zip nó sreang;
- Spreag iad lena ngléasadh féin.

Lig do do leanbh cibé lámh is mian leis/léi go nádúrtha a úsáid. Níl sé ina údar le deacrachtaí bheith i do chiotóg scoil!

Mata

Is féidir leat cabhrú le do leanbh aithne a chur ar na smaointe a dteastóidh uathu a thuiscint nuair a thosóidh siad ar an mata ar scoil. Lig do do leanbh cabhrú leat sceanra a shórtáil, an tábla a leagan, an líon ceart spúnóga nó forcanna a chuntas. Lig do do leanbh cuidiú leat milseáin a roinnt idir cairde. Cuidigh le do leanbh rudaí a shórtáil agus a mheaitseáil de réir a leanas:

- Méid – cuir na rudaí beaga go léir sa bhosca;
- Cruth – cuir na rudaí cruinne go léir ar an mbord;
- Dath – cuir na rudaí dearga go léir ar an gcathaoir;
- Tuigeacht – cuir na rudaí míne sa bhosca;
- Feidhm – bailigh na rudaí go léir a rollann le chéile;
- Ábhar – bailigh na rudaí adhmaid go léir le chéile.

Arís, is féidir uimhreacha i nGaeilge a úsáid go nádúrtha agus go héasca anseo, díreach cosúil le huimhreacha, le focail aonaracha, 'aon', 'dó', 'trí'.

Spreag do leanbh rudaí a bhailiú le linn siúlóidí, rudaí mar bhlaoscanna, buaircíní, mionchlocha, cnónna agus cleiteacha. Beidh siad in ann taitneamh a bhaint as na rudaí éagsúla a shórtáil agus a rangú níos moille. Triáil an rud céanna le bailiúcháin cnaipí, suaitheantas nó claibíní, agus rudaí fánacha eile timpeall an tí.

Úsáid teanga le do leanbh a chuideoidh leo tuiscint a bheith acu ar na coincheapa seo: 'níos mó', 'níos lú', 'mar an gcéanna', 'éagsúil', 'níos faide ná', 'níos giorra ná' agus comparáidí úsáideacha eile.

Muinín agus féinmheas

Má tá leanaí muiníneach faoina gcumais agus faoina n-inniúlachtaí beidh siad níos toilteanaí tabhairt faoi dhúshláin nua. Is féidir le tuismitheoirí cur le féinmheas a leanaí ach bheith eolach ar a gcumais, buanna, spéiseanna agus scileanna, iad a thabhairt faoi deara agus ansin aird a tharraingt orthu.

Tabhair moladh do leanaí go minic agus tabhair deiseanna dóibh a gcumais a léiriú. Múnlaíonn moladh agus spreagadh iompar agus cuireann siad an fhoghlaim chun cinn. Nuair a mholtar leanaí foghlaimíonn siad go bhfuil siad speisialta, is féidir leo bheith bródúil as a n-éachtaí agus bheith eolach ar a mbuanna agus ar a gcumais. Má bhíonn dearcadh dearfach ag tuismitheoirí ar leanaí beidh dearcadh dearfach acusan orthu féin chomh maith. Nuair is eol do leanaí go bhfuil a dtuismitheoirí sásta lena ndéanann siad beidh níos mó féinmheasa acu.

Bain úsáid as an teanga chun féinmheas a thógáil

Cúinse fíorthábhachtach i bhforbairt féinmheasa an linbh ná an teanga a úsáideann na tuismitheoirí. Tá aiseolas le fáil ag leanaí ón mórán idirghníomhaíochtaí a bhíonn ag tuismitheoirí lena gcuid leanaí gach lá.

Tá luach an tsaothair ann má thugtar aiseolas do leanaí i dteanga an fhéinmheasa. Bíonn trí chuid i gceist le haiseolas dá leithéid:

- Cur síos ar an iompar.
- Freagairt na dtuismitheoirí don iompar.
- Aitheantas do mhothúcháin.

Tá sé tábhachtach aird a dhíriú ar an difríocht idir luach an linbh agus a (h)iompar. Is é sin le rá, ní leanbh maith é/í an leanbh a chuireann slacht ar an gcistin, agus ní drochleanbh é/í an leanbh a dhoirteann bainne ar an gcairpéad. Bíonn leanaí go maith mar gheall go bhfuil siad speisialta do na tuismitheoirí a thugann grá agus aire dóibh. Trí chur síos a dhéanamh ar iompar, faigheann leanaí léargas cruinn ar an gcaoi a n-imríonn a gcuid gníomhartha tionchar ar dhaoine eile, seachas mearbhall a bheith orthu mar gheall ar a iompar i gcomórtas lena luach bunúsach mar dhaoine.

Leis an sampla seo a leanas, tugtar achoimre ar an gcaoi a bhféadtar úsáid a bhaint bhféinmheas bhféinmheas chun leanaí a cheartú. 'Feicim go bhfuil leabhair agus bréagáin ar fud urlár na cistine' (cur síos ar an iompar). 'Nuair a bheidh slacht ar an gcistin, beidh dinnéar againn' (cúis leis an athrú san iompar). 'Tá a fhios agam go bhfuil tuirse agus ocras ort anois' (admháil ar mhothúcháin). 'Tá mé ag iarraidh na bréagáin a bheith curtha ar shiúl agus na leabhair go néata ar na seilfeanna (ráiteas ar an méid a bhfuiltear ag súil leis).

Is éard atá i gceist leis na céimeanna seo ná cumarsáid shoiléir dhíreach agus seachnaítear teanga a d'fhéadfadh an bonn a bhaint ó fhéinmheas linbh.

Is fiú go mór úsáid a bhaint as teanga an fhéinmheasa chun leanaí a cheartú mar gheall gur mó an seans go bhfreagróidh leanaí go fabhrach nuair a thugtar cúiseanna le hiad a cheartú.

Má ghlacann leanaí páirt i ngnáthchúrsaí an lae sa bhaile, braithfidh siad muiníneach faoi dhéileáil leis an suíomh ar scoil. Má tá 'Ná leag lámh air seo' á rá agat i gcónaí, tá 'Ná foghlaim' á rá agat. Má bhraitheann do leanaí go bhfuil muinín agat iontu, braithfidh siad go bhfuil siad in ann gnóthú a dhéanamh.

Acmhainní

- Department of Education
  www.bit.ly/3rGg12M
- National Council for Curriculum and Assessment
  www.ncca.ie/en
- Schooldays
  www.schooldays.ie
- National Parents' Council
  www.npc.ie
- Help my Kid Learn
  www.helpmykidlearn.ie
- Handwriting for Kids
  www.handwritingforkids.com
- Read Today
  www.readtoday.com
- International Protection Accommodation Services (IPAS)
  www.bit.ly/3rDjVcC
- Jesuit Refugee Service Ireland
  www.jrs.ie
- Early Childhood Ireland
  www.earlychildhoodireland.ie
- Literacy Association of Ireland
  www.literacyireland.com
- Children's Books Ireland
  www.childrensbooksireland.ie

Ullmhú don scoil

Is féidir imní a bheith ar thuismitheoirí nuair a thosaíonn leanaí ag tosú ar scoil. Is féidir le tuismitheoirí a lán a dhéanamh chun imní mar seo a laghdú – dóibh féin agus dá leanbh. Is cóir an t-ullmhúchán seo a thosú na míonna sula dtosóidh an leanbh agus is cóir é a dhéanamh de réir a chéile.

Is athrú ollmhór é do leanbh go gcaithfidh sé nó sí seomra a roinnt le suas le 30 leanbh eile agus duine fásta amháin. Ach tá a lán rudaí is féidir le tuismitheoirí a dhéanamh. D'fhéadfadh a leanas bheith ina chuidiú:

- Is smaoineamh maith é réamhchuairt ar an scoil. Buail leis an bpríomhoide agus le múinteoir na naíonán. Taispeáin an foirgneamh do do leanbh, an seomra cótaí, an seomra ranga, an áit a bhfuil an leithreas agus an clós súgartha.
- Labhair le do leanbh faoi do laethanta scoile féin. Mura bhfuil scéal agat faoi chuimhneamh greannmhar de do chéad lá ar scoil, cum ceann!
- Cuir béim ar na deiseanna bualadh le cairde nua agus bheith páirteach in imeachtaí nua. Ach ná déan rud mór de shaol na scoile. Tabhair faoin gcaint seo go tomhaiste agus pléigh léithi mar ghnáthrud.
- Cuir do leanbh in aithne do naíonán beag eile, agus más féidir tabhair é/í chun tí le bheith ag súgradh le linn na laethanta saoire. Tá sé tábhachtach do do leanbh roinnt aghaigheanna a bhfuil aithne aige orthu ar an gcéad lá.
- Ba chóir do leanaí bheith in ann cótaí a chur air/uirthi agus a bhaint de/di, an leithreas a úsáid agus a shruthlú mar is ceart, a lámha a ní agus a gcriáin agus leabhair daite a ghlanach suas. Súgraigh 'an scoil' le do leanbh. Cuidigh leis/léi rudaí a chur isteach agus a bhaint amach as an mála scoile agus a mála lóin a oscailt agus a dhruidim.

- Múin dóibh conas ciarsúr a úsáid, bréagáin a roinnt agus sealanna a ghlacadh.
- Cuir lipéad soiléir ar éadaí agus rudaí do linbh agus cuidigh leo a rudaí féin a aithint.
- Ba chóir go mbeadh a s(h)eoladh baile ar eolas ag do leanbh. Is cóir duit ainm agus uimhir fóin duine teagmhála a thabhairt don scoil le teagmháil a dhéanamh leo mura bhfuil tú sa bhaile. Mínigh an socrú seo le do leanbh.
- Lig do do leanbh rudaí a dhéanamh go neamhspleách.
- Spreag muinín iontu trí ligean dóibh iad féin a ghléasadh. Fág am do seo ar maidin.
- Ná cáin iad mura bhfuil rudaí díreach de réir do thola, rudaí mar chnaipí nach bhfuil foirfe, nó carbhat atá beagáinín cam.
- Mol a n-iarrachtaí gach deis dá bhfuil agat.

An saol a dhéanamh soláimhsithe don naíonán beag

Ní féidir le leanaí bheith neamhspleách murar féidir leo an trealamh a chuireann tú ar fáil a úsáid. Smaoinigh ar na rudaí a theastaíonn ó do leanbh le fáil tríd an lá.

- Mura bhfuil leanaí in ann barriallacha a cheangal agus más gá dóibh bróga – a athrú, le haghaidh corpoideachais, b'fhéidir, ligfidh bróga le ceangal velcro dóibh athrú go tapa agus go neamhspleách.
- Smaoinigh an féidir le leanaí a gcuid éadaigh a láimhseáil leo féin. D'fhéadfadh zipeanna a bheith níos fusa ná cnaipí, mar shampla. Féadfaidh bríste le coim leaisteach bheith níos fusa ná zipeanna nó cnaipí.
- Más gá do do leanbh lón a thabhairt leis/léi, roghnaigh bosca lóin agus fleasc a bhfuil sé/sí in ann a oscailt go héasca. Tá deochanna i gcartáin níos fusa agus níos sábháilte ná buidéil. Arís, cinnte go bhfuil an mála scoile mór go leor leis na rudaí seo a chur ann.
- Smaoinigh freisin ar an lón féin. Má tá do leanbh ag iarraidh oráiste a thabhairt ar scoil, mar shampla, bain an craiceann den oráiste. Is fusa gan iógar téachta a dhoirteadh.
- Féach le do leanbh a chur ina s(h)uí níos luaithe, agus is lú an strus a bheidh ann an chaoi sin.

An curaclam

Tá curaclam na scoile deartha chun riar ar riachtanais oideachais éagsúla leanbh an lae inniu. Tá dearcadh ar leith sa churaclam ar an leanbh agus ar oideachas. Ceiliúrtar ann uathúlacht an linbh agus féachtar le féidearthacht gan linbh a fhorbairt go hiomlán. Cuireann sé ar fáil réimse leathan eispéireas foghlama a chuidíonn leis an leanbh eolas, smaointe agus scileanna ar leith a chuirfidh chun cinn a bhforbairt ag gach céim.

Acmhainní

- National Council for Curriculum and Assessment
  www.bit.ly/3pydDZ0
- Curriculum Online
  www.curriculumonline.ie/Primary

Féachann an curaclam le:

- Féidearthacht gan linbh a fhorbairt go hiomlán;
- Dúil san fhoghlaim a spreagadh; agus
- Cuidiú le leanaí scileanna a fhoghlaim a úsáidfidh siad ar feadh a saoil ar fad.

Téigh ar ais go Clár ábhar

Curaclam na Bunscoile

Teanga

- Gaeilge
- Béarla

Mata

Corpoideachais

Arts education

- Na Fisealaíona
- Ceol
- Drámaíocht

Oideachas Sóisialta, Im-shaoil agus Eolaíochta (OSIE)

- Stair
- Tíreolaíocht
- Eolaíocht

Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS)

Tabhair do d'aire: Freagracht na n-eagras pátrún scoile éagsúil is ea oideachas reiligiúnach nó eiticiúil.

Leanaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

Tá leithdháileadh breise teagaisc ag gach scoil le freastal ar riachtanais daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is de réir phróifíl oideachais na scoile a dhéantar amach a leithdháileadh.

Acmhainní

- Department of Education
  www.bit.ly/3loSLME
- Citizens Information
  www.bit.ly/31u3yo1
- National Council for Special Education
  www.ncse.ie/for-parents

Leithdháiltear Cúntóirí Riachtanas Speisialta (SNAnna) ar scoileanna nuair a bhíonn daltaí ar an rolla a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu.

Síceolaithe na Seirbhíse Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais (NEPS), agus comhairleoirí, múinteoirí ar cuairt agus eagraithe riachtanais speisialta oideachais (SENOnna) na Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE), cuireann siad idir chomhairle agus tacaíocht ar fáil do scoileanna. Ba chóir do thuismitheoirí daltaí a bh- fuil riachtanais speisialta oideachais acu riachtanais a linbh a phlé le príomhoide na scoile.

Tá an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (NCSE) ar fáil chomh maith chun tacaíocht a thabhairt do thuismitheoirí.

An chéad lá

Mar thoradh ar Covid-19, beidh scoileanna beagáinín difriúil i mbliana. Tabharfaidh an scoil eolas duit faoi na socruithe le do leanbh a thabhairt ar scoil ar maidin agus a bhailiú ag deireadh an lae, céard ar chóir duit a bheith ag súil leis sa seomra ranga agus sa chlós súgartha, agus na prótacail agus na cleachtais a bheidh i bhfeidhm d'fhonn na leanaí a choinneáil slán sábháilte.

Tá sé tábhachtach go ndéanfá nós maith gan mhoill. Déan cinnte de go bhfuil gach rud - éide, mála - réidh don mhaidin. Déan é seo ar bhealach socair agus ná bíodh do leanbh róthógtha ná imníoch agus é nó í ag dul a chod- ladh. Bíodh go leor ama agaibh ar maidin le sibh féin a ní, a ghléasadh agus bricfeasta maith a ithe. Tá sé táb-hachtach go dtiocfadh do leanbh ar scoil in am maith don chéad rang toisc go mbíonn sé iontach deacair do leanaí siúl isteach i rang atá ar siúl cheana féin.

Má tá tusa trína chéile ar an lá mór, lig ort os comhair do linbh go bhfuil gach rud i gceart. Fág do leanbh leis an múinteoir agus inis dó nó di go mbeidh tú ar ais ag an am cuí le hé nó le hí a bhailiú. Má tá do leanbh trína chéile, cuir muinín sa mhúinteoir. Tá taithí ag an múinteoir agus tá a fhios aige nó aici cén chaoi leanaí a bhfuil imní orthu a chur ar a suaimhneas. Uaireanta cuireann bréagán beag ón mbaile leanbh ar a chompord.

Nuair a bhainfidh an leanbh an scoil amach, buailfidh sé nó sí le go leor leanaí eile. Seans go mbeadh aithne aige nó aici ar leanaí eile cheana féin a bhfuil cónaí orthu i do cheantar nó a d'fhreastail ar an naíonra céanna. Is cinnte go mbeidh leanaí nua ina measc chomh maith.

Tá sé tábhachtach go mbeifeá in am le do leanbh a bhailiú i ndiaidh na scoile. Éireoidh leanaí trína chéile má fheiceann siad go bhfuil leanaí eile á mbailiú agus má bhraitheann siad go bhfuil dearmad déanta orthu.

Tógann sé tamall ar leanaí dul i dtaithí ar shaol agus gnáthamh na scoile. Ná bí ag súil leis an iomarca róluath.

Labhair le do leanaí faoi na rudaí a tharla agus lig dóibh freagairt ar a mbealach féin. Má fhiafraíonn tú díobh

"Céard a d'fhoghlaim sibh inniu?", gach seans go bhfaighidh tú "dada!" mar fhreagra. Is ar ghníomhaíochtaí a bhíonn an chuid is mó den obair dírithe ar leibhéal na naíonán, rud a fhágann nach bhfuil an tuiscint céanna ag leanaí ar an bhfocal 'foghlaim' agus atá ag daoine fásta. Ach, má fhiafraíonn tú díobh "Céard a rinne sibh?", "Ar chan sibh?", "Ar tharraing sibh pictiúr?", éireoidh níos fearr leat.

Déileáil le mothúcháin

- Déan cinnte go labhraíonn tú le do leanbh agus cuir in iúl dóibh céard a tharlóidh ar a lá mór.
- Spreag do leanbh chun labhairt leat faoi rudaí a chuireann eagla orthu agus déan do dhícheall iad a chur ar a suaimhneas.
- Beidh a lán mothúchán ann ar an gcéad lá den scoil duit féin agus do do leanbh – lig do do leanbh caoineadh.
- Ná fan rófhada – is leor cúig nóiméad sa seomra ranga!
- Mínigh do do leanbh go bhfuil an t-am ann duit imeacht, agus go mbeidh tú ar ais go roimh i bhfad.
- Déan cinnte go bhfuil tú ar ais go luath le do leanbh a thógáil, nó d'fhéadfadh corraí bheith ar do leanbh mura bhfeiceann siad thú nuair a bheidh an scoil thart.
- D'fhéadfadh sé bheith úsáideach sna chéadlaethanta tacaíocht a fháil ó thuismitheoirí eile.

An lá scoile

Tá an lá scoile ar an mbunscoil cúig uair an chloig agus daichead nóiméad ar fhad. Is gnách go mbíonn 'sos beag' ar a 11am, agus 'sos mór' timpeall 12.30pm. Féadfaidh sé go bhfuil fad an lae scoile uair an chloig níos giorra i gcás leanaí i naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra. Cinntigh go bhfuil amanna oscailte agus amanna dúnta na scoile ar eolas go maith agat agus coinnigh súil ar dhátaí dúnta na scoile, srl. Ní mór do thuismitheoirí freagracht a ghlacadh as a gcuid leanaí nuair is gá iad a ligean abhaile le linn uaireanta na scoile.

Beidh gach tuismitheoir eolach gur féidir timpistí a bheith ag na páistí a bhfuil an mhaoirseacht is déine orthu fiú. Tá seo fíor sa bhaile agus sa scoil. Má bhíonn timpiste ag do leanbh ag an scoil pléifidh na múinteoirí leo ar bhealach lách gairmiúil.

Is minic a bhraitheann múinteoirí go bhfuil tuismitheoirí curtha ar míthreoir maidir le cúiteamh as gortuithe mar gheall ar thimpiste. Níl aon teidlíocht uathoibríoch ar chúiteamh mar gheall ar thimpistí ar scoil ach oiread le timpistí sa bhaile nó in aon áit eile.

An bhliain scoile

Tá trí théarma sa bhliain bhunscoile. Tá an chéad téarma ó dheireadh Lúnasa nó ó thús Meán Fómhair go dtí an Nollaig. Tá an dara ceann ó thús Eanáir go deireadh Mhárta/Aibreáin (an Cháisc), agus tá an tríú téarma ón gCáisc go dtí deireadh Meithimh gach bliain. Chun fadhbanna a sheachaint do theaghlaigh, tá sosanna ag an Nollaig, ag an gCáisc agus i lár téarma sa chéad téarma agus sa dara téarma caighdeánaithe.

Scoilbhliain 2022/23

Acmhainní

- Department of Education
  https://bit.ly/DESchoolCalendar
- School Days
  www.bit.ly/2ZZfehV
- INTO school year planner
  https://bit.ly/3bSKghd

Deireadh Fómhair 2022 – briseadh meántéarma. Beidh gach scoil dúnta ó Dé Luain, an 31 Deireadh Fómhair go Dé hAoine, an 4 Samhain 2022, agus an dá dháta sin san áireamh.

Nollaig 2022. Dúnfar gach scoil Dé Céadaoin, an 21 Nollaig 2022 agus is é sin lá deiridh an téarma scoile. Osclófar na scoileanna arís Déardaoin, an 5 Eanáir 2023.

Feabhra 2023 – briseadh meántéarma. Beidh gach bunscoil dúnta Déardaoin, an 16 Feabhra agus Dé hAoine, an 17 Feabhra 2023. (Féadfaidh bunscoileanna trí lá lánroghnacha a úsáid chun síneadh a chur leis an mbriseadh seo. Sa chás sin, briseadh cúig lá a bheadh ann ó Dé Luain, an 13 Feabhra go dtí Dé hAoine, an 17 Feabhra 2023, agus an dá dháta sin san áireamh.)

Cáisc 2023. Dúnfar gach scoil Dé hAoine, an 31 Márta 2023, is é sin lá deiridh an téarma scoile. Osclófar gach scoil arís Dé Luain, an 17 Aibreán 2023.

Chomh maith leis sin, tá roinnt bheag laethanta lánroghnacha ar fáil do scoileanna chun dúnadh de réir na gcúinsí áitiúla. Is iondúil go gcuireann gach scoil liosta i dtoll a chéile de na laethanta a mbeidh an scoil dúnta i gcomhair laethanta saoire nó ar chúiseanna eile. Tugtar cóip den liosta sin do thuismitheoirí. Má tá suíomh Idirlín ag do scoil, breathnaigh air go rialta leis an eolas is déanaí a fháil faoi laethanta a mbeidh an scoil dúnta, leath-laethanta, srl. Más gá don scoil dúnadh gan choinne nó an lá scoile a scor go luath, tabharfaidh an scoil nóta do do leanbh roimh ré le tabhairt duitse. Ná déan dearmad breathnú i mála scoile do linbh gach lá le haghaidh nótaí dá leithéid.

Freastal scoile

Faoin Acht um Leas Oideachais (2000), ní mór duit cinntiú go bhfreastalaíonn do leanbh ar an scoil go rialta. Mura bhféadann do leanbh freastal ar an scoil ar chúis ar bith, ní mór nóta sínithe a thabhairt don scoil agus míniú ann ar an bhfáth a raibh do leanbh as láthair ón scoil.

Acmhainní

- Tusla
  www.bit.ly/3dmsLD9

Iarrtar ar an scoil na Seirbhísí Leasa Oideachais reachtúla a chur ar an eolas má bhíonn do leanbh as láthair ar bhreis agus 20 lá scoile. Féadfaidh sé go mbuailfidh oifigeach leasa oideachais leat ansin chun plé a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadann tú a chinntiú go mbíonn do leanbh ar scoil go rialta.

Cé gurb annamh a tharlaíonn sé, féadtar tuismitheoirí a thabhairt chun na cúirte agus fíneáil/príosúnacht a ghearradh orthu má loiceann siad comhoibriú a dhéanamh le hoifigeach leasa oideachais i ndáil le freastal a linbh.

Moltar go láidir nach dtógann tú an leanbh amach as an scoil le haghaidh laethanta saoire. Má thógtar laethanta saoire, fiú tréimhse ghearr, le linn théarma na scoile, caillfidh do leanbh amach ar am tábhachtach scoile. Ar fhilleadh ar scoil do do leanbh, d'fhéadfadh sé a bheith deacair air/uirthi breith suas leis an obair ar chaill sé nó sí amach uirthi.

Cabhair le héidí scoile agus leabhair

Iarrann an chuid is mó de scoileanna ar dhaltaí éide scoile a chaitheamh mar chuid dá bpolasaí rollaithe. Nuair is féidir, sonróidh an scoil earraí neamhbhrandáilte seachas earraí brandáilte. Má bhraitheann tú go bhfuil tú ag streachailt le costais éidí scoile, féadfaidh sé go bhfuil tú i dteideal cabhair a fháil ón Roinn Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí. Féadfaidh an Liúntas Éide agus Coisbhirt Scoile a bheith ina chabhair i leith chostas na n-éidí scoile agus leabhar do leanaí.

Tá cabhair ar fáil chomh maith chun costas leabhar scoile a chlúdach. Tá ciste leithdháilte ag an Roinn Oideachais agus Scileanna chun cabhair a thabhairt le costas na leabhar. Tá an scéim ar fáil do theaghlaigh i gcruatan airgeadais mar gheall ar dhífhostaíocht, breoiteacht, tuismitheoirí aonair, teaghlaigh mhóra nó deacrachtaí eile amhail mí-úsáid alcóil. Chun tuilleadh eolais a fháil faoi na scéimeanna éagsúla atá ar fáil, féach ar www.bit.ly/3oZ9vCw.

Tá scéim leabhar ar cíos i bhfeidhm ag an gcuid is mó de scoileanna, rud a ligeann do thuismitheoirí leabhair scoile a leanaí a fháil ar cíos don bhliain shonrach sin.

Acmhainní

- Department of Social Protection
  https://bit.ly/3SSAmwC
- Health Service Executive
  www.hse.ie
- Department of Education
  https://bit.ly/3dASxqQ
- Citizens Information
  www.bit.ly/3GfAwqY

Ithe go sláintiúig

Múnlaíonn leanaí a nósanna bia don saol ó aois óg, mar sin tá sé tábhachtach go dtosóidh tú iad ar an mbealach ceart. Tá aiste bia mhaith, neart codlata agus aclaíocht ríachtanach do leanbh atá ag fás. Tabhair neart ama ar maidin do do leanbh le bricfeasta folláin a ithe. Roghnaigh bia go cúramach le haghaidh lóin. Tá ceapairí agus torthaí níos folláine ná milseáin agus brioscaí. Tá polasaí 'frithmhilseán' ag roinnt scoileanna. Má tá seo amhlaidh is cóir duit cloí leis agus é a mhíniú go simplí do do leanbh. Tá oideachas sláinte mar chuid de churaclam na scoile. Ar scoil spreagfar leanaí dea-roghanna bia a dhéanamh. Níor chóir go dtiocfadh do roghasa dóibh salach ar seo.

Imreoidh nósanna bia, a thosaíonn nuair atá páiste óg, imreoidh siad tionchar ar heiseanna do linbh ar shaol folláin. Tá éagsúlacht mhaith bianna cothaitheacha tábhachtach ón tús chun a chinntiú go bhfuil leanbh folláin agus é nó í ag fás.

Bíonn lón leanaí gann ar ghairbhsheach in amanna, agus a lán saille agus siúcra iontu. Chun cor chun feabhais a chur i nósanna bia do linbh, is fearr é a dhéanamh de réir a chéile. Tosaigh ag cur píosaí torthaí úra isteach in áit milseán lá amháin sa tseachtain chun lón do leanaí a dhéanamh níos folláine agus níos fearr do na fiacla. Ansin bog ar aghaidh chuig dhá lá, trí lá agus ceithre lá i seachtain, sula ndéanfaidh tú ar feadh na seachtaine go léir é sa deireadh

Cuideoidh pirimid an bhia leat aiste bia fholláin agus éagsúil a roghnú do do leanbh.

Téigh ar ais go Clár ábhar

Healthy Food for Life

www.healthyireland.ie

The Food Pyramid

For adults, teenagers and children aged five and over

Not needed for good health.

Foods and drinks high in fat, sugar and salt

NOT every day

! **Most people consume snacks high in fat, sugar and salt and sugar sweetened drinks up to 6 times a day (Healthy Ireland Survey 2016).** There are no recommended servings for Top Shelf foods and drinks because they are not needed for good health.

Needed for good health. Enjoy a variety every day.

Fats, spreads and oils



In very small amounts

Use as little as possible. Choose mono or polyunsaturated reduced-fat or light spreads. Choose rapeseed, olive, canola, sunflower or corn oils. Limit mayonnaise, coleslaw and salad dressings as they also contain oil. Always cook with as little fat or oil as possible – grilling, oven-baking, steaming, boiling or stir-frying.

Meat, poultry, fish, eggs, beans and nuts

2 Servings a day

Choose lean meat, poultry (without skin) and fish. Eat oily fish up to twice a week. Choose eggs, beans and nuts. Limit processed salty meats such as sausages, bacon and ham.

Milk, yogurt and cheese

3 Servings a day

5 for children age 9–12 and teenagers age 13–18

Choose reduced-fat or low-fat varieties. Choose low-fat milk and yogurt more often than cheese. Enjoy cheese in small amounts. Women who are pregnant or breastfeeding need 3 servings a day.

Wholemeal cereals and breads, potatoes, pasta and rice

3-5* Servings a day

Up to 7* for teenage boys and men age 19–50

Wholemeal and wholegrain cereals are best. Enjoy at each meal. The number of servings depends on age, size, if you are a man or a woman and on activity levels. Watch your serving size and use the Daily Servings Guide below.*

Vegetables, salad and fruit

5-7 Servings a day

Base your meals on these and enjoy a variety of colours. More is better. Limit fruit juice to unsweetened, once a day.

Bricfeasta

Do leanaí scoile is dócha gurb é an bricfeasta an béile is tábhachtaí den lá. Ní hamháin go mbriseann bricfeasta céalacán fada thar oíche do linbh agus go gcuidíonn sé léi/leis díriú, ach leagann sé síos an dúshraith le haghaidh bia folláin don chuid eile den lá. Triail gránach lánghráin nó brain le torthaí úra gearrtha air le bainne, oráiste nó sú torthaí gan siúcra agus caiscín, rósta nó gan a bheith rósta.

Lón

Ba chóir don lón aon trian de riachtanais bhia do linbh don lá a thabhairt. Is é an bealach is simplí agus is éifeachtaí lón folláin a phleanáil ná bia amháin ó gach ceann de na ceithre phríomhchuid de phirimid an bhia a chur isteach: arán, gránaigh, prátaí; torthaí agus glasraí; bainne, cáis, iógart; agus feoil, iasc agus a n-ionadaithe.

Seacht gcéim chun boscaí lóin a chruthú atá folláin, éagsúil agus spéisiúil

- Cuir isteach bianna éagsúla – bia stáirsiúil, próitéin, déirí, torthaí agus glasraí.
- Déan iarracht bianna éagsúla a thairiscint gach lá – níl aon duine ag iarraidh ceapaire liamháin a ithe cúig lá sa tseachtain!
- Déan rís/pasta breise a chócaireáil san oíche – is féidir sailéid spéisiúla a dhéanamh leo.
- Bunaigh téama do bhosca lóin ar thír éagsúil, e.g. Iodálach – triail sailéad pasta, Meicsiceach – fillteoga tortilla líonta.
- Tá anraith de dhéantús baile (i bhfleasc) go hiontach le haghaidh laethanta fuara. Tá sailéid bhána éadrom agus úr san aimsir the. Tá an bheirt acu lomlán vitimíní agus mianraí.

Tá deochanna tábhachtach do leanaí – is cóir suas le sé chupán a mholadh dóibh gach lá. Is iad bainne agus uisce na roghanna is fearr. Is féidir le soip agus buidéil dhaite deochanna a dhéanamh níos spéisiúla!



Acmhainní

- Is féidir leat smaointe simplí a fháil le haghaidh bhosca lóin do linbh ón bplean lóin gúig lá thíos. Le haghaidh tuilleadh eolais féach www.safefood.eu
- Healthy Ireland www.healthyireland.ie

Téigh ar ais go Clár ábhar

Leideanna chun a thabhairt ar leanaí níos mó torthaí agus glasraí a ithe

- Is fearr le leanaí torthaí ná glasraí. A fhad is go n-itheann siad éagsúlacht torthaí gach lá gheobhaidh siad na vitimíní agus na mianraí go léir atá ag teastáil orthu.
- Tabhair leat do leanaí ag siopadóireacht agus, nuair is féidir leat, lig dóibh a gcuid torthaí agus glasraí féin a roghnú. Sa chaoi sin mothaíonn siad go bhfuil smacht acu ar a n-itheann siad agus go mothóidh siad níos aibí
- Is breá le leanaí torthaí atá furasta a ithe, mar mhandairíní, úlla beaga agus bananaí. Coinnigh go leor torthaí i do chiseán torthaí!
- Is minic gur fearr le leanaí glasraí amha. Mar sin, tabhairt meacáin dhearga nó maidí cúcamair nó aon ghlasra amh a bhfuil dúil acu ann mar scroideanna! Is féidir iad seo a chlúdach agus a chur i málaí lóin. Chun leanaí a spreagadh le glasraí a ithe, cuir i bhfolach iad! Grátáil glasraí isteach i stobhaigh, anraithe agus casaróil. Tabhair glasraí milse do leanaí, ar nós arbhar milis agus meacáin dhearga seachas glasraí a bhfuil blas láidir orthu, mar chabáiste nó meacáin bhána.
- Cuir torthaí gearrtha le gránaigh bhricfeasta.
- Le haghaidh milseog shimplí am ar bith den lá, gearr úll, banana nó oráiste le chéile le haghaidh sailéad torthaí blasta a mbeidh an-dúil ag leanaí ann. Má ullmhaíonn siad féin é is mó an sult a bhainfidh siad as.

Téigh ar ais go Clár ábhar

Suímh Ghréasáin

Seo a leanas roinnt suímh Ghréasáin ina bhfuil faisnéis maidir le bia sláintiúil do na páistí, oidis agus faisnéis maidir le sábháilteacht bhia tá:

- Health Promotion
  www.healthpromotion.ie
- Irish Food Board – Bord Bia
  www.bordbia.ie
- Ireland's Seafood Development Agency –Bord Iascaigh Mhara
  www.bim.ie
- Irish Heart Foundation
  www.irishheart.ie
- National Dairy Council
  www.ndc.ie
- Safefood, Food Safety Promotion Board
  www.safefood.eu
- Healthy Eating Programme
  www.fooddudes.ie
- Coelic Society of Ireland
  www.coeliac.ie
- Diabetes Association
  www.diabetes.ie
- Health Sevice Executive
  www.hse.ie
- National Parents Council
  www.npc.ie
- Healthy Food for All
  www.healthyfoodforall.com

Sláinte agus sláinteachas

Tá do leanbh anois ag roinnt seomra le líon mór leanaí ceithre bliana agus cúig bliana d'aois. Ní féidir dlútheagmháil le leanaí eile a sheachaint, mar sin is cóir aird ar leith a thabhairt ar shláinte agus sábháilteacht.

Ba chóir duit gruaig do linbh a sheiceáil go rialta le haghaidh míolta. Bí airdeallach le haghaidh péisteanna. Cuir in iúl don mhúinteoir láithreach má thugann tú faoi deara aon rud mar seo.

Acmhainní

- Health Service Executive
  www.bit.ly/3EsP5ab

Níor chóir leanaí atá tinn a chur ar scoil. Ní mór duit smaoineamh ar na leanaí eile sa rang. Tá clár scagthástála scoile agus clár imdhíonta scoile ann do leanaí atá ag freastal ar bhunscoileanna poiblí.

Déanann altraí sláinte poiblí agus oifigigh leighis scagthástálacha scoile agus déantar iad ar áitreabh na scoile. Cuirtear dáta na scagthástálacha in iúl don phríomhoide roimh ré ionas gur féidir tuismitheoirí a chur ar an eolas agus tá siad i dteideal bheith i láthair. Scrúdaítear éisteacht agus radharc leanaí, agus má iarrann an tuismitheoir agus má mheastar gur gá, is féidir scrúdú fisiciúil a dhéanamh.

Déantar fadhbanna a aithnítear ag na scagthástálacha seo a chóireáil saor in aisce má fhreastalaíonn an leanbh mar othar poiblí i roinn othar seachtrach in ospidéal. Beidh aon chóir leighis ina dhiaidh sin (mar othar seachtrach nó othar inmheánach) ag éirí as an gcéad tarchur seo saor in aisce mar othar poiblí

Tugtar imdhíontaí faoin gClár Imdhíonta Leanaí saor in aisce do gach leanbh. Tá ceadú tuismitheora ag teastáil chun imhdhíonadh a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga suas le haois 16 bliana.

Cuirtear seirbhísí fiaclóireachta ar fáil do leanaí atá ag freastal ar bhunscoil chomh maith. Déantar scagthástáil orthu sa dara, ceathrú agus séú rang agus tarchuirtear iad le haghaidh cóir leighis, más gá, chuig an gclinic fiaclóireachta áitiúil.

Cógas a thabhairt

Má tá fadhb leighis ar leith ag do leanbh, ar nós ailléirge, asma, titeamas nó diabéiteas, ba chóir duit an scoil a chur ar an eolas. Is cóir ainm agus seoladh do dhochtúra teaghlaigh a chur in iúl don scoil. Má tá cógas ag teastáil ar do leanbh go rialta, caithfear socruithe cuí agus soiléire a dhéanamh le haghaidh cógais a thabhairt.

Cé go bhfuil múinteoirí i scoileanna i 'loco parentis', níl aon oibleagáid orthu cógais a thabhairt go rialta nó maoirseacht a dhéanamh ar leanaí atá á nglacadh. Níor chóir go mbeadh fadhb ann, áfach, má tá múinteoirí toilteanach, má tá cead an bhoird bainistíochta acu, má tá cead scríofa tuismitheoirí acu agus má tá oiliúint faighte acu.

Déanann múinteoirí a ndícheall, de ghnáth, soláthar a dhéanamh do gach leanbh atá tinn, ach sa deireadh ní dhéanfaidh siad seo má chuireann siad sábháilteacht agus leas aon linbh atá faoina gcúram i maol ar bhealach ar bith.

Moltar duit tacaíocht agus cuidiú iomlán a thabhairt le cabhrú leis an scoil riar ar do leanbh. Mar shampla, d'fhéadfadh an leanbh an cógas a thabhairt dó/di féin (más gá agus le cead dochtúra amháin) nó faoi mhaoirseacht tuismitheora. Sa chás go bhfuil cógas tugtha do mhúinteoirí le tabhairt, mar shampla aidréanailín i gcás anaifiolacsais, is cóir an cógas a bheith sa dáileog is lú agus is féidir lena chinntiú go dtiocfaidh an leanbh chuige/chuici féin go dtí go mbeidh saineolaí leighis in ann an cúram a ghlacadh. Níor chóir dáileog éigeandála a bheith in ann dochar a thabhairt do do leanbh dá dtabharfaí di/dó go míchuí. Is cóir dearbhú ar seo a fháil i scríbhinn ón gcleachtóir leighis atá freagrach as do leanbh sula gcomhaontóidh scoil le leigheas mar seo a shábhálann beatha a choinneáil faoina aire. Nuair is féidir, is cóir instealladh epipen a thabhairt seachas snáthaid.

Má tá leanaí ag fulaingt riochtaí a chuireann a mbeatha i mbaol is cóir do thuismitheoirí a leagan amach go soiléir i scríbhinn céard is féidir agus nach féidir a dhéanamh i ndálaí éigeandála faoi leith, le tagairt shonrach do céard a bheadh ina riosca don leanbh.

Míolta

Fadhb choitianta i mbunscoileann is ea iad míolta. De bhrí go bhfuil do leanbh ag roinnt seomra ranga agus clós súgartha gach lá le líon mór leanaí eile, tá sé an-fhurasta dóibh seo spréadh. Ar an drochuair, gluaiseann siad go han-éasca agus is féidir leo dul ó dhuine go duine nuair a theagmhaíonn cloigne le chéile.

Conas a bheadh a fhios agat an bhfuil míolta ag do leanbh? Is é an chéad leid iad a bheith ag tochas a gcinn go minic. Chun a sheiceáil an bhfuil míolta ann, seiceáil an ghruaig timpeall chúl mhuineál do linbh a sheiceáil agus taobh thiar de na cluasa. Is é an chaoi is fearr teacht ar mhíolta agus a n-uibheacha cíor fíneáilte a tharraingt trí ghruaig fhliuch, ag amharc go cúramach an bhfuil fianaise ar bith ar mhíolta. De bhrí go dtéaltaíonn siad ar shiúl ó sholas, b'fhéidir nach bhfeicfidh tú ach blaoscacha a n-uibheacha folmha bána, atá beag, ubhchruthach agus bán agus greamaithe de ribeacha gruaige.

Ba chóir duit gruaig do linbh a sheiceáil go rialta le haghaidh míolta. Má tá míolta ag do leanbh ba chóir duit an múinteoir nó an príomhoide a chur ar an eolas agus an ghruaig a chóireáil láithreach. Is cóir gach duine, tú féin, baill eile den teaghlach agus cairde scoile san áireamh, a sheiceáil le haghaidh míolta. Is é an fhírinne gur féidir duine ar bith míolta a bheith acu. Is cuma le míolta cén sórt gruaige atá acu. Go deimhin, is fearr leo gruaig ghlan seachas gruaig shalach! Tá sé furasta míolta a chóireáil. Is féidir lóis nó foltfholcadh a cheannach ó chógaslanna gan oideas dochtúra.

An bhulaíocht

Is fadhb í an bhulaíocht a bhíonn ina húdar mór imní do thuismitheoirí agus do mhúinteoirí araon. Chun an fhadhb a réiteach, teastaíonn comhoibriú idir an scoil agus tuismitheoirí. Féadann an bhulaíocht a bheith fisiceach, ó bhéal nó mothúchánach agus féadann grúpaí nó duine aonair í a dhéanamh.

Chuir cuid mhaith den chomhairle in ailt roimhe seo béim ar a thábhachtaí atá sé neamhspleáchas agus muinín a chothú sa leanbh. Leagadh béim freisin ar a thábhachtaí atá sé labhairt le leanaí agus cluas a thabhairt dóibh. Is uirlisí tábhachtacha iad sin chun cabhrú leis an leanbh déileáil le bulaí ar an gcéad dul síos.

Ní mór do leanaí an mhuinín a bheith acu le 'Níl' a rá i nguth láidir, ceannasach má dhéantar bulaíocht orthu le haghaidh a lóin nó a sealúchais. Leanaí a bhfuil muinín acu as a gcumas agus as a gcuma féin, is fearr de ghnáth a bhíonn siad in ann neamhshuim a dhéanamh de mhasla nó magadh. Caithfidh siad fios a bheith acu chomh maith go bhfuil sé de cheart acu labhairt le duine fásta faoi fhadhb. Roghnóidh bulaithe leanaí a bheidh siad in ann a choinneáil ciúin.

Tá sé chomh tábhachtach céanna féinmheas agus féinmhuinín a chothú sa leanbh atá ina b(h)ulaí, agus atá sé sna híospartaigh fhéideartha.

Cén fáth a ndéanann leanaí áirithe bulaíocht ar leanaí eile? Tarlaíonn sé seo ar roinnt mhaith cúiseanna, lena n-áirítear:

- D'fhéadfadh sé go ndéanann tuismitheoirí nó deartháireacha nó deifiúracha bulaíocht orthu sa bhaile.
- D'fhéadfadh sé go mothaíonn siad iad féin a bheith easnamhach agus go bhfuil siad mímhuiníneach.
- D'fhéadfadh sé go mothaíonn siad faoi bhrú bheith rathúil.

Téigh ar ais go Clár ábhar

- D'fhéadfadh sé go mbraitheann siad é a bheith deacair am sóisialta a chaitheamh lena gcomhdhaltaí agus mar sin piocann siad ar leanaí níos leochailí.
- D'fhéadfadh sé go bhfuil siad an-mhillte agus nach dtugtar aon dúshlán ar chor ar bith dóibh sa bhaile.
- Tosaíonn roinnt daltaí bheith páirteach sa bhulaíocht tar éis bheith ag breathnú uirthi nó tar éis tacaíocht a thabhairt do bhulaí. Más é seo an cás, ní mór a chur in iúl go bhfuil an oiread milleáin orthu as bulaíocht.

Más bulaí é do leanbh, tá sé tábhachtach aitheantas a thabhairt don fhíric sin agus cabhrú leis/léi é sin a shárú.

Ceann de na fadhbanna is deacra atá roimh scoileanna chun dul i ngleic leis an mbulaíocht is ea aitheantas a fháil ón leanbh (agus ó thuismitheoirí) go bhfuil baint aige nó aici le hiompar den sórt sin.

Céard is féidir a dhéanamh?

- Féach lena fháil amach an freagairt shealadach é seo ar rud éigin eile i saol an linbh, leanbh nua, mar shampla, nó méala nó strus sa bhaile.
- Labhair le do leanbh agus féach leis go dtuigfidh do leanbh conas a bhraitheann an t-íospartach. Cuidigh le do leanbh am sóisialta a chaitheamh trí chuireadh a thabhairt do leanaí eile bheith ag súgradh nó dul amach ar thurais. Ná bí i do bhulaí tú féin agus tú ag freagairt. Déanfaidh bualadh agus ionsaí ó bhéal cúrsaí níos measa. Beidh ort plé leis an bhfadhb seo thar thréimhse ama.
- Labhair le múinteoir do linbh. Gheobhaidh tú amach go bhfuil múinteoirí toilteanach cuidiú. Tá sé tábhachtach an cur chuige céanna a bheith agat agus ag an múinteoir.
- Is minic bulaithe ag fulaingt easpa muiníne. Ná cuir éachtaí do linbh i gcomparáid le leanaí eile.Tabhair moladh as iompar cuidiúil, cineálta gach deis dá bhfuil ann.
- Is cóir a mhúineadh do leanaí glacadh le difríochtaí i ndaoine eile. Más cosúil go mbíonn do leanbh rócháinteach ar dhaoine eile cuidigh trí rudaí dearfacha a rá faoi leanaí eile.

Sa chás go n-insíonn do leanbh duit go bhfuil bulaíocht á déanamh air nó uirthi

- Fan socair suaimhneach agus ná tabhairt rófhreagairt, is cuma conas atá tú ag brath. D'fhéadfadh do fhreagairt fearg nó díomá a chur in iúl don leanbh, agus d'fhéadfadh sin níos mó dochair a dhéanamh. Is minic leanaí a bhfuiltear ag déanamh bulaíochta orthu ag mothú gur theip orthu nó ag mothú ciontach. I do fhreagairt ba chóir duit a mhíniú dóibh nach bhfuil aon locht orthu agus gur fadhb seo is féidir a shárú.
- Má mhúineann tú don leanbh go bhfuil sé de cheart aige nó aici 'níl' a rá agus é nó í féin a iompar ar bhealach muiníneach, beidh sé nó sí in ann do go leor cásanna éagsúla.
- Labhair leis an múinteoir. Is gníomhaíocht rúnda í an bhulaíocht agus i ranganna ina bhfuil suas le 30 féadann sé bheith deacair do mhúinteoirí í a fheiceáil. Tá tacaíocht tuismitheoirí ag teastáil ó mhúinteoirí chun dul i ngleic leis an bhfadhb seo.

Acmhainní

- Department of Education
  www.bit.ly/3EY1G5m
- National Parents Council
  www.npc.ie
- School Days
  www.schooldays.ie/articles/bullying
- Cybercrime
  www.bit.ly/3DpHR5n
- Webwise
  www.webwise.ie

- Má tá an bhulaíocht fisiciúil, ná habair le do leanbh an bulaí a bhualadh ar ais. Ní féidir le scoileanna leanaí a spreagadh foréigean a úsáid agus ní dhéanfaidh a mhalairt de chomhairle ach mearbhall a chur ar an leanbh. Chomh maith le sin má deir tú le leanbh leochaileach bualadh ar ais tá tú ag iarraidh orthu rud a dhéanamh nach féidir leo a dhéanamh, agus cuirfidh sin leis an mothú atá acu gur theip orthu nuair a thuigfidh siad nach féidir leo sin a dhéanamh.
- Is féidir le leanaí bheith leochaileach agus b'fhéidir go mbeidh cuidiú uathu chun am sóisialte a chaitheamh. Thig leatsa seo a éascú trí chuireadh a thabhairt do leanaí eile teacht ag súgrú agus cuidiú a lorg ó thuismitheoirí eile.

- Tá sé tábhachtach a inse do leanaí go bhfuil amanna ann nach féidir aon rud a dhéanamh agus gurb é an rud is tábhachtaí bheith sábháilte.Tabhair comhairle do do leanbh má mhothaíonn siad faoi bhagairt in amanna rith agus inis. Tá sé tábhachtach i gcúinsí mar seo moladh a thabhairt do leanbh as bheith ciallmhar.
- Tarraingíonn roinnt leanaí aird bulaithe mar gheall ar dhrochshláinteachas pearsanta nó drochnósanna. Más seo an cás is féidir an ceann is fearr a fháil air le cuidiú uaitse.
- Is féidir le cíbearbhulaíocht bheith ina fadhb de réir mar a éiríonn leanaí níos sine. Tá eolas úsáideach agus freagraí ar cheisteanna coitianta ar fáil ag www.webwise.ie.

Comharthaí féideartha go bhfuil leanbh ag fulaingt bulaíochta

- D'fhéadfadh siad tosú ag déanamh go holc ar scoil.
- D'fhéadfadh siad ballbhrúnna nó scríobacha gan mhíniú a bheith orthu nó bheithseachantach nuair a chuirtear ceist orthu fúthu.
- D'fhéadfadh siad tosú ag bulaíocht ar leanaí eile sa teaghlach.
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh siad ag iarraidh dul ar scoil nó siúl ar scoil agus ón scoil.
- D'fhéadfadh siad teacht abhaile go rialta le leabhair nó le héadaí stróicthe nó ar iarraidh.

Idirchultúrachas

Aithníonn múinteoirí go n-imríonn scoileanna ról an-tábhachtach ag cruthú dearcthaí dearfacha i leanaí i leith daoine ó chúlraí cultúrtha, creidimh agus eitneacha éagsúla nó a bhfuil dath craicinn éagsúla acu. Go háirithe, tá múinteoirí eolach ar an ngá polasaithe frithchiníocha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus an t-ilchultúrachas a chur chun cinn i scoileanna.

Do dhaoine fásta agus leanaí atá ag teacht chuig cultúr nua bíonn suaitheadh cultúir go pointe éigin ann. D'fhéadfadh leanaí bheith ag déanamh a seandíchill tuiscint agus líofacht Bhéarla a fháil. Spreagfaidh múinteoirí leanaí ó thíortha eile nasc láidir a choinneáil lena gcultúr féin agus lena dteanga féin agus ag an am céanna foghlaim faoin chultúr agus faoin theangacha na hÉireann.

Déanann múinteoirí iarracht tuismitheoirí ó mhionlaigh eitneacha a thabhairt isteach le bheith páirteach in oideachas a leanaí. Tá cleachtais agus súilíochtaí maidir le tógáil leanaí éagsúil ar fud an domhain. Cuidíonn plé oscailte idir múinteoirí agus tuismitheoirí míthuiscint a sheachaint agus tá sin chun tairbhe do gach duine atá páirteach. D'fhéadfadh tuismitheoirí smaoineamh freisin ar a leanaí a bheith páirteach in imeachtaí seachtracha: peil, cispheil, cluichí pobail nó snámh.

Acmhainní

- Living in Ireland
  www.livinginireland.ie
- Show Racism the Red Card
  www.theredcard.ie
- Jesuit Refugee Service Ireland
  www.jrs.ie
- National Youth Council of Ireland
  www.intercultural.ie
- Office for the Promotion of Migrant Integration
  www.integration.ie
- Irish Human Rights and Equality Commission
  www.ihrec.ie
- Department of Education
  www.bit.ly/31ANnVQ
- English as an Additional Language
  www.pdst.ie/primary/literacy/EAL

Spreagtar tuismitheoirí go gníomhach páirt a ghlacadh i saol na scoile agus cur le himeachtaí ranga. Trí scéalaíocht, amhránaíocht, damhsa, léirithe cócaireachta nó trí thíreolaíocht agus stair a dtíre a phlé, is féidir leo cur le foghlaim páistí eile, ar bhealach ríphraiticiúil, faoi shaibhreas agus éagsúlacht cultúr eile. Is féidir tuismitheoirí a spreagadh freisin bheith páirteach in imeachtaí mar chomhléitheoireacht, rud a chuirfidh chun cinn forbairt curaclaim chomh maith le caidreamh idirchultúrtha a fheabhsú. Is bealaí eile iad inar féidir le tuismitheoirí bheith páirteach in imeachtaí scoile ná bheith bainteach le cumann na dtuismitheoirí, traenáil spóirt nó turais scoile. Do thuismitheoirí nach bhfuil Béarla acu d'fhéadfadh an scoil cuidiú leo teacht ar ranganna Béarla.

Tá sé de cheart ag gach leanbh mothú sábháilte ó mhagadh, bagairtí, agus drochíde ó bhéal nó drochíde fhisiciúil. Má tharlaíonn eachtraí ciníocha i scoileanna léifear iad sa chaoi chéanna le cineálacha eile iompair dhoghlactha. Tabharfar comhairle don leanbh a raibh an t-iompar doghlactha aici/aige agus tabharfar tacaíocht don leanbh a d'fhulaing.

Obair bhaile

Beidh polasaí maidir le hobair bhaile éagsúil ó scoil go scoil. Má tá sé de pholasaí ag scoil do linbh obair bhaile a thabhairt, is cóir an gnáthamh seo a leanas a shocrú go luath:

- Cuir ar leataobh am ciúin rialta.
- Ba chóir don leanbh bheith ina s(h)uí go compórdach.
- Ba chóir go mbeadh am le haghaidh obair ó bhéal chomh maith le hobair scríofa san áireamh in am obair bhaile. Is féidir le hobair ó bhéal, go háirithe i dtús na scolaíochta, an méid a fhoghlaimítear trí Ghaeilge agus trí Bhéarla araon a dhaingniú.
- Spreag do leanbh leabhair agus cóipleabhair a choinneáil glan ordúil.
- Má tá do leanbh ag obair go neamhspleách bí ar fáil chun cuidiú a thabhairt agus léirigh spéis ina bhfuil á dhéanamh. Mol iarrachtaí do linbh gach deis dá bhfuil agat.
- Más ea agus tú ag obair le do leanbh go mothaíonn tú thú féin ag éirí mífhoighneach ba chóir duit stopadh. Tá bagair, nó ní bheidh ach tionchar diúltach aige seo.
- Má tá fadhbanna leanúnacha ag do leanbh le hobair bhaile déan teagmháil leis an múinteoir agus pléigh na deacrachtaí.
- Más ea nach féidir, ar aon chúis, an obair bhaile a dhéanamh, inis don mhúinteoir.

Tá a lán cainte ar siúl le blianta beaga anuas maidir le tionchair na teilifíse agus cluichí consóil etc. ar leanaí óga.

Is é an fhírinne go n-amharcanna an chuid is mó leanaí ar an teilifís nó imríonn siad cluichí ríómhaire i measarthacht; ní drochrud é seo. Is féidir le leanaí a lán rudaí agus is féidir teanga a fheabhsú tríd an teilifís. Ná lig dóibh breathnú ar ábhar mí-oiriúnach. Ba chóir do leanaí sna ranganna sinsearacha bheith eolach ar a bhfuil ar siúl sa domhan, mar sin spreag iad breathnú ar mhíreanna nuachta agus iad a phlé. Cuirfidh seo lena n-eolas ginearálta agus lena gcumas teanga. Ná lig do l eanaí breathnú ar an teilifís agus iad ag déanamh obair bhaile.



Cumarsáid idir an scoil agus an baile

Má tá scoileanna chun leas do linbh a dhéanamh tá sé iontach tábhachtach dea-chumarsáid a bheith ann idir an scoil agus an baile. Is iad na tuismitheoirí príomhoideachasóirí a leanaí agus tá a gcomhoibriú agus a dtacaíocht riachtanach don scoil.

Ta a bealach féin ag gach scoil le cumarsáid a dhéanamh le tuismitheoirí agus úsáidfidh siad cineál cumarsáide is fearr a oireann dá riachtanais agus do riachtanais tuismitheoirí.

Le haghaidh eolas ginearálta eisíonn scoileanna fógraí nó nuachtlitreacha chuig tuismitheoirí de ghnáth trí na leanaí. Tá sé tábhachtach go seiceálfaidh tú mála scoile do linbh go rialta le feiceáil an bhfuil nótaí ann. Mura seiceálann tú iad d'fhéadfadh leanaí beaga iad seo a fhágáil go dtaispeánfaidh siad duit iad seachtainí ina dhiaidh!

Bíonn cruinnithe tuismitheora-múinteora ag scoileanna ag pointe éigin le linn na bliana. Tá sé tábhachtach go bhfreastalóidh tú orthu seo chun coinneáil i dteagmháil le dul chun cinn do linbh. Is tábhachtach freisin go bhfeiceann do leanbh go bhfuil suim agat ina d(h)ul chun cinn ar scoil. Beidh suíomh gréasáin ag an gcuid is mó bunscoileanna - seiceáil an suíomh gréasáin go rialta le haghaidh an eolais is deireanaí.

Caithfidh gach scoil cód iompair a ullmhú. Cuirfidh príomhoide na scoile cóip den chód seo ar fáil do thuismitheoirí agus lorgfaidh sé/sí do chuidiú chun a chinntiú go leantar an cód seo.

Má bhíonn fadhb ar leith ag do leanbh tá sé ríthábhachtach seo a chur in iúl don mhúinteoir. Má bhíonn strus sa teaghlach mar gheall ar thinneas, leanbh nua, bás nó scaradh, féadfaidh an leanbh bheith toirmeascach nó cúlánta ar scoil. Níl sé cothrom bheith ag dréim leis an múinteoir plé le leanbh atá corraithe mura bhfuil a fhios ag an múinteoir go bhfuil fadhb ann. Má chuireann tú múinteoirí ar an eolas beidh siad in ann cuidiú le do leanbh agus an anacair sin a chur san áireamh.

An bord bainistíochta

Is é an bord bainistíochta (nó an bainisteoir/na bainisteoirí) an grúpa daoine a gceapann an pátrún iad chun an scoil a bhainistiú. Is é an pátrún an comhlacht a bhunaíonn an scoil agus a leagann síos éiteas na scoile. Tá roinnt pátrún sainchreidmheach (amhail na heaglaisí) agus roinnt eile il-sainchreidmheach.

Bíonn an bord bainistíochta comhdhéanta den phríomhoide agus d'ionadaithe do thuismitheoirí, múinteoirí, iontaobhaithe, pátrúin agus don phobal.

Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil maidir leis an mbord bainistíochta ag www.gov.ie/en/organisation/department-of-education.

Má tá tú tagtha go hÉirinn le déanaí

In Éirinn, **tá gach uile leanbh** i dteideal oideachas bunscoile agus iar-bhunscoile saor in aisce. Faoin Acht Oideachais (Leas), 2000, tá oideachas in Éirinn éigeantach ó 6 bliana d'aois go dtí 16 bliana d'aois, nó go dtí go mbeidh trí bliana d'oideachas dara leibhéal (oideachas iar-bhunscoile) curtha i gcrích ag an dalta. Go ginearálta, freastalaíonn leanaí ar bhunscoil má tá siad ceithre bliana d'aois ar a laghad ar an 1 Meán Fómhair sa scoilbhliain, go dtí go mbeidh siad 12 bhliain d'aois, agus freastalaíonn leanaí atá idir 12 bhliain d'aois agus 18 mbliana d'aois ar iar-bhunscoil.

An tslí le do leanbh a chlárú i mbunscoil

Más mian leat do leanbh a chlárú i scoil áitiúil, téigh i dteagmháil le príomhoide na scoile ar an bhfón agus déan coinne chun bualadh leis nó léi. Ná téigh chuig an scoil gan coinne a dhéanamh. Má tá imní ort nach bhfuil do chuid Béarla maith go leor chun labhairt leis an bpríomhoide, beidh tú in ann cara a thabhairt leat le cabhrú leat. Ag an gcéad chruinniú, féadfaidh tú iarraidh ar phríomhoide na scoile do leanbh a chlárú. Ba chóir duit an t-iarratas a dhéanamh i scríbhinn. Más ann d'fhoirm iarratais, ba chóir duit an fhoirm sin a chomhlánú le hiarratas a dhéanamh.

Sa chás go ndiúltaíonn scoil leanbh a chlárú, ba cheart cóip den chinneadh sin a fháil i scríbhinn, lena n-áirítear na cúiseanna leis an diúltú. Foráiltear le halt 29 den Acht Oideachais, 1998, go bhféadfaidh tuismitheoir achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh maidir le diúltú leanbh a chlárú i scoil.

Is féidir le Seirbhísí Leasa Oideachais Tusla (an Ghníomhaireacht um Leanaí agus an Teaghlach) cabhrú leat áit a fháil do do leanbh sa chás nár éirigh leatsa déanamh amhlaidh. Chun déileáil le haon iarraidh den sórt sin, éileoidh Tusla cóip de gach comhfhreagras leis na scoileanna atá i gceist. Is féidir tuilleadh sonraí a fháil go díreach ó Tusla ach glao a chur ar a Oifig Náisiúnta ar 01 7718500; ríomhphost a chur chuig info@tusla.ie, nó dul chuig a láithreán gréasáin www.tusla.ie.

Nuair a chláraítear do leanbh sa scoil, iarrfaidh an príomhoide an t-eolas seo a leanas ort:

- Ainm, aois agus náisiúntacht do linbh;
- D'ainm, do sheoladh agus uimhir fóin is féidir a úsáid le teagmháil a dhéanamh leat, ar fhaitíos, mar shampla, go n-éireodh do leanbh tinn ar scoil;
- Cibé acu atá nó nach bhfuil aon fhadhbanna leighis aige/aici ar chóir don scoil a bheith ar an eolas fúthu, amhail asma nó titimeas, ar fhaitíos go n-éireodh sé/sí tinn ar scoil;
- An t-oideachas atá faighte ag do leanbh go dtí seo;
- Rudaí a gcuireann do mhac nó d'iníon spéis mhór iontu, amhail ceol, ealaín, spóirt;
- Cibé acu is mian nó nach mian leat go nglacfadh do leanbh páirt i ranganna oideachais reiligiúnaigh sa scoil agus/nó i searmanais reiligiúnacha; agus/nó
- Cibé acu atá nó nach bhfuil aon riachtanais speisialta aige/aici.

An bhfuil cineálacha éagsúla scoile ann?

Tá, uaireanta bíonn bunscoileanna bunaithe ar éiteas reiligiúnach ar leith, mar shampla, Roman Caitliceach Rómhánach, Eaglais na hÉireann nó Ioslam. Bíonn éiteas il-sainchreidmheach ag scoileanna Ag Foghlaim Le Chéile. Is trí Bhéarla a theagasctar an curaclam i bhformhór na scoileanna. I gcás gaelscoileanna, teagasctar an curaclam trí Ghaeilge, teanga náisiúnta na hÉireann.

I scoileanna aonghnéis, teagasctar buachaillí agus cailíní amach ó chéile, agus i scoileanna eile teagasctar buachaillí agus cailíní le chéile.

Ba chóir a thabhairt faoi deara freisin go bhfuil roinnt bunscoileanna ina mbunscoileanna sóisearacha, a fhreastalaíonn ar dhaltaí ó naíonáin shóisearacha go dtí rang a dó, agus roinnt eile ina scoileanna ó thús deireadh, a fhreastalaíonn ar dhaltaí ó naíonáin shóisearacha go dtí rang a sé.

Freastal ar scoil

Nuair atá do leanbh cláraithe le scoil, caithfidh sé/sí freastal ar scoil gach lá scoile. Is ortsa atá an fhreagracht as sin agus éilítear ort le dlí na hÉireann an scoil a chur ar an eolas murar féidir le do leanbh a bheith i láthair i scoil de dheasca breoiteachta nó cúinsí eisceachtúla eile. Ba chóir duit litir a chur chuig an múinteoir ranga lena mhíniú cén fáth a raibh sé nó sí as láthair, cén fáth a raibh moill air nó uirthi nó cén fáth a gcaithfidh sé nó sí imeacht go luath.

Litir shamplach: Bhí (ainm an linbh) as láthair ón scoil inné (dáta) de bharr (an chúis). Sínithe: (d'ainm).

An lá scoile

Maireann an lá scoile 5 uair an chloig agus 40 nóiméad. Is iondúil go dtosaíonn na ranganna idir 8:45 r.n. agus 9:30 r.n. Bíonn scoileanna ar oscailt ó Luan go hAoine. Uaireanta críochnaíonn leanaí óga uair an chloig níos luaithe ná na leanaí sna ranganna níos sinsearaí. Is gnách go mbíonn sos maidine agus sos lóin ann. Tá sé tábhachtach a chinntiú go mbíonn bia agus deoch ag do leanbh don dá shos seo. Ba chóir duit dul i gcomhairle le príomhoide

na scoile maidir leis na riachtanais bhia agus dí le haghaidh na sosanna. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mbíonn 'laethanta itheacháin shláintiúil' ag roinnt scoileanna agus d'fhéadfadh scoileanna eile cosc a chur ar bhianna áirithe - m.sh. brioscaí, deochanna súilíneacha. Má bhíonn amhras ort, cuir ceist ar an bpríomhoide nó ar an múinteoir ranga.

Leabhair scoile

Mura bhfuil d'acmhainn agat costas iomlán na leabhar scoile a íoc, iarr ar an bpríomhoide an féidir leis/léi cabhrú leat na leabhair scoile a cheannach. Soláthraíonn an Roinn Oideachais deontas bliantúil do scoileanna le cabhrú leo cuid de chostais na dtéacsleabhar a íoc.

Tacaíocht teanga Béarla

Is eol dúinn ó sheantaithí go bhfoghlaimíonn leanaí óga Béarla an-tapa. Is gnáthrud é leanbh a chur i rang le leanaí ar an aois chéanna, fiú mura bhfuil mórán Béarla aige nó aici. Soláthraíonn an Roinn Oideachais tacaíocht oideachais bhreise chun gur féidir le scoileanna ranganna breise Béarla a chur ar fáil do leanaí a bhfuil easnamh sainaitheanta acu ó thaobh an Bhéarla de.

Araíonacht

Ní bhaintear leas as pionós corpartha i scoileanna na hÉireann. Tá sé mídhleathach. Tá cód disciplín ag gach scoil. Sonraítear sa chód sin na pionóis a mbaineann an scoil leas astu.

Éiteas na scoile

I mbunscoileanna na hÉireann, cuirtear caoinfhulaingt agus cóimheas chun cinn, mar aon le tuiscint ar an éagsúlacht chultúrtha, eiticiúil, chiniúil, shóisialta agus reiligiúnach. Díríonn siad aird freisin ar fhírinne na

héagsúlachta laistigh de shochaí idirchultúrtha. Is gné thábhachtach de shaol na scoile é an éagsúlacht idirchultúrtha a cheiliúradh, go háirithe trí eispéiris sa cheol, san ealaín, sa damhsa agus sa stair. Is timpeallacht ilchultúrtha í an scoil. Léirítear meas ar bhunús eitneach agus reiligiún gach leanbh. Bítear ag siúl freisin go mbeadh meas ag na leanaí ar gach leanbh eile sa scoil.

Saoirí scoile

Le linn shaoirí na scoile, d'fhéadfadh sé go gcaillfeadh do leanbh cuid den Bhéarla atá foghlamtha aige/aici. Is tábhachtach, mar sin, deiseanna a aimsiú gach lá a ligfidh do do leanbh Béarla a úsáid nó a léamh, nó éisteacht leis. Mar shampla, d'fhéadfadh sé nó sí:

- Féachaint ar chlár teilifíse agus insint duit faoi ansin;
- Leabhar a léamh duit os ard;
- Rudaí a iarraidh sa siopa áitiúil; nó
- Dialann laethúil a choinneáil i rith thréimhse na saoire, ina bhfuil pictiúir agus scríbhneoireacht.

Cé go bhfuil sé tábhachtach go bhfoghlaimeodh do leanbh Béarla, is ríthábhachtach freisin nach gcaillfeadh sé nó sí máthairtheanga do mhuintire. Tapaigh gach deis mar sin do mháthairtheanga a úsáid le do leanbh, agus inis dó nó di faoi do thír dhúchais.

Tá físeáin ghearra curtha le chéile ag Mother Tongues i gcomhar le Scoil an Oideachais i gColáiste na Tríonóide maidir le conas is féidir le teaghlaigh tacú le leanaí óga lena litearthacht, lena n-uimhearthacht agus lena gcruthaitheacht. Tá fáil orthu i gceithre theanga (Araibis, Portaingéilis na Brasaíle, Polainnis agus Rómáinis) agus i mBéarla chomh maith. Is féidir leat teacht ar na físeáin ag www.bit.ly/322AVxX.